# Ag Fíorú | na Físe



**11 & 12 Samhain,**
**Óstán Ormonde,**
**Cill Chainnigh**

#Comhdháil2016

# Comhdháil Oideachais 2016

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Urraithe ag
Foras na Gaeilge




**GEATA CHUN NA GAEILGE**

**GATEWAY TO THE IRISH LANGUAGE**

Foras na Gaeilge

BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · GAOTH DOBHAIR

www.forasnagaeilge.ie

# Fáilte

A Chairde,

Is cúis áthais dúinn fáilte ó chroí a chur romhaibh chuig Comhdháil na bliana seo thar cheann COGG agus Gaeloideachas.

Am thar a bheith cinniúnach don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus don Ghaeloideachas atá san am i láthair. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na hócáidí seo dá réir. Tá pobal na Gaeilge ag brath ar a chéile agus is amhlaidh atá ach go háirithe maidir le cúrsaí oideachais tré Ghaeilge. Saibhríonn na deiseanna a thugtar dúinn ag comhdhálacha mar seo gach duine againn mar theagascóirí agus mar Ghaeil.

Is é téama na comhdhála ná 'Ag Fíorú na Físe' agus is tráthúil mar théama é i bhfianaise na bliana atá againn agus comóradh a dhéanamh againn ar laochra 1916. Ardaítear mar sin, an cheist faoin bhfís a bhí ag na laochra úd i dtaobh cúrsaí oideachais agus cúrsaí gaeloideachais ach go háirithe. Is cinnte go mbeadh díomá orthu gur thóg sé 100 bliain ar an gcóras stáit s'againne *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* a nochtadh. Bheadh iontas orthu freisin nach bhfuil na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do na pobail Ghaeltachta sin ina dteanga féin. Ach, más mall is mithid a deirtear agus is fúinne ar fad anois tabhairt faoin bhfís sin a fhíorú inár scoileanna agus inár ndúichí féin ar bhonn laethúil.

Tá súil againn go spreagfaidh an chomhdháil seo na rannpháirtithe le tabhairt faoin obair sin le fuinneamh agus le paisean ar mhaithe leis na glúnta óga atá le teacht. Tá súil againn freisin go mbainfidh sibh taitneamh as a bheith i gcomhluadar a chéile i gcathair fhíorálainn Chill Chainnigh. Cúis dóchais dúinn gur theip ar na Reachtanna nimhneacha úd chun an Ghaeilge a chur faoi chois agus go bhfuil Cill Chainnigh anois, toisc sár-ghaeloideachas, níos gaelaí ná ariamh.

***Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach COGG agus Cathnia Ó Muircheartaigh, Uachtarán Gaeloideachas***

FÉASTA

Comóradh agus Ceiliúradh 1916 100

# Féasta na Gaeilge 1916-2016

**Óstán Double Tree Hilton**
**Droichead na Dothra**
**Baile Átha Cliath 4**
Dé Sathairn 3 Nollaig 2016 ag 7i.n.

Aoi oinigh:
Uachtarán na hÉireann,
Micheál D. Ó hUigínn

Fáiltiú fíona | Béile ceithre chúrsa
Siamsaíocht, Carbhat Dubh
Praghas: €80 an duine
Is féidir ticéid a cheannach ar
Eventbrite nó trí
na Ceanneagraíochtaí

Tuilleadh eolais: eolas@feasta100.ie





Cumann na bhFiann | Gael Linn | Gaelscoileanna | An tOireachtas | Conradh na Gaeilge | Glór na nGael | Foras na Gaeilge

## Tá ríméad orainn go mbeidh seastáin ag na heagraíochtaí thíos ag an gComhdháil Oideachais i mbliana. Bí cinnte agus cuairt a thabhairt orthu!

### Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Cláir chéime agus iarchéime.

### Activate Speech
Áiseanna teiripe urlabhra agus teanga.

### An Gúm
Foilsitheoir leabhar Gaeilge.

### An Spailpín Fánach
Éadaí, leabhair, cluichí agus iliomad earraí eile do pháistí agus do dhaoine fásta.

### An tÁisaonad
Áiseanna oideachais (áiseanna ilmheán chomh maith le háiseanna clóbhuailte) d'earnáil na Gaelscolaíochta.

### An tOireachtas
Oireachtas na Samhna, Comórtais Liteartha an Oireachtais, Gradaim Chumarsáide an Oireachtais, Léacht Bhliantúil an Oireachtais agus a lán eile.

### An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Is seirbhís de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí le haghaidh sainfhorbairt ghairmiúil leanúnach.

### Breacadh
Iris dírithe go príomha ar fhoghlaimeoirí fásta litearthachta sa Ghaeltacht.

### Ceol Ireland
Clár ceoil don seomra ranga.

### CJ Fallon
Foilsitheoir leabhar Gaeilge agus Béarla.

### Clever Mind Toys
Cluichí oideachas-bhunaithe.

### Cló Iar-Chonnacht
Comhlacht foilsitheoireachta atá lonnaithe i gConamara, a fhoilsíonn leabhair, i nGaeilge go príomha, agus ceol traidisiúnta.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Tá OÉ Gaillimh ag tairiscint dhá chúrsa páirtaimseartha do mhúinteoirí.



## Teastas Iarchéime (Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí)

Déanfar an cúrsa seo a reáchtáil ar bhonn na foghlama cumaisc trí mhodúil an chúrsa a sheachadadh ar líne thar thréimhse dhá bhliain nó ar bhun modúil aonair thar roinnt blianta.

## An Dioplóma sa Ghaeilge

Tá an Dioplóma á thairiscint ag leibhéil éagsúla ó Thosaitheoirí go hArdleibhéal. Déanfar an cúrsa Dioplóma Ollscoile seo a reáchtáil go páirtaimseartha, oíche amháin in aghaidh na seachtaine thar thréimhse dhá bhliain. Tá an cúrsa ar fáil ar champas na hOllscoile agus in ionaid eile timpeall na tíre. Tosóidh an cúrsa seo i mí Mheán Fómhair.

**Tuilleadh eolais:** Dr. Dorothy Ní Uigín,
**t:** 091-493493 **r:** Dorothy.niuigin@oegaillimh.ie
**www.oegaillimh.ie/acadamh**

## Coláiste na Rinne
Cúrsaí Samhraidh agus Scoil na Leanaí i nGaeltacht na Rinne.

## Coláiste Uisce
Cúrsaí Spóirt trí Ghaeilge.

## Conradh na Gaeilge
Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge.

## Coláiste na bhFiann
Is é príomhaidhm Choláiste na bhFiann ná an Ghaeilge a mhúineadh do dhaoine óga i suíomh fáilteach taitneamhach.

## Éabhlóid
Cuireann Éabhlóid ábhar Gaeilge ar fáil lena n-áirítear: na meáin scríofa, físe agus fuaime idir leabhair do dhaoine fásta agus do phaistí, cláir teilifíse agus aipeanna.

## Edco
Is é EDCO (Educational Company of Ireland) an foilsitheoir oideachasúil is mó sa tír.

## Féasta 100
Na sé cheanneagraíocht ag ceiliúradh Athbheochan na Gaeilge mar chuid de Chlár Comórtha 1916 ar an 3 Nollaig 2016.

## Feachtas
Ag eagrú imeachtaí agus clubanna óige trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga.

## Fiontar agus Scoil na Gaeilge
Scoil idirdhisciplíneach a bhfuil a cuid céimeanna agus iarchéimeanna deartha i dtreo is go dtreiseofar scileanna praiticiúla agus acadúla na rannpháirtithe, agus le go gcuirfear lena bhforás leanúnach gairmiúil.

## 4schools.ie & Examcraft
Ag soláthar acmhainní cumarsáide ar a n-áirítear dialanna mac léinn, réamheolairí agus suíomhanna gréasáin do scoileanna.

## Foras na Gaeilge – An Foclóir
Foclóir nua Béarla-Gaeilge.

## Freedom Surf School/Scoil Surfála Freedom
Foghlaim ghníomhach na Gaeilge labhartha tríd an surfáil.

## Futa Fata
Teach foilsitheoireachta é Futa Fata agus tá leabhair agus dlúthdhioscaí do gach aoisghrúpa foilsithe acu.

# NUA Aip Seinnteoir Cúla4




## Saor in Aisce - Íoslódáil ó iTunes don iPad & iPhone, cuardaigh ‘Cula4’ no ‘TG4’

## www.cula4.com

# Seastáin

## GDK Network Systems Ltd
Ag soláthar áiseanna closamhairc, trealaimh ríomhaireachta, gréasán agus tacaíocht theicniúil do scoileanna.

## Gael Linn
Oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aosaigh, agus deiseanna úsáide na Gaeilge do dhaltaí scoile.

## Gaelchultúr
Cúrsaí agus acmhainní foghlama Gaeilge dírithe ar dhaoine fásta ar fud na tíre agus na cruinne a bhfuil suim acu sa teanga.

## Irish For Parents
Is togra de chuid Gaeloideachas (Gaelscoileanna Teo.) é an suíomh www.irishforparents.ie. Beidh cúrsa oiliúna ar siúl ar an 26 Samhain i Marino ina mbeidh deis acu siúd a mhúineann ranganna Gaeilge do thuismitheoirí níos mó a fhoghlaim faoin ábhar teagaisc ar an suíomh agus faoi conas é a úsáid sa seomra ranga.

## Glór na nGael
Forbairt na Gaeilge sa teaghlach; forbairt na Gaeilge i measc grúpaí pobail agus forbairt na Gaeilge i measc grúpaí fiontraíochta agus gnó.

## Lámh Chúnta
Is comhlacht í seo a chuireann acmhainní Gaeilge don seomra ranga ar fáil idir théacsleabhair, cluichí agus eile.

## Leabhar Breac
Foilsitheoir leabhar Gaeilge lonnaithe i gConamara.

## Léargas
Ag bainistiú clár malartaithe agus comhoibrithe náisiúnta agus idirnáisiúnta sna réimsí oideachais, óige & obair phobail, gairmoideachais, gairmoiliúna agus oideachais aosaigh.

## Lurtel
Ag cruthú suíomhanna gréasáin do scoileanna.

## Primary Planet
An chéad iris nuachta do pháistí in Éirinn.

## Rockfield Educational Supplies
Soláthairtí agus acmhainní don seomra ranga.

## Spraoi
Ag soláthar acmhainní chun Gaeilge a mhúineadh agus a fhoghlaim.

## TG4
Cainéal náisiúnta teilifíse na Gaeilge.

## Tradtime
Ag múineadh ceoil, amhránaíochta agus damhsa traidisiúnta i scoileanna na tíre.

## Dé hAoine, 11 Samhain

| | | |
|---|---|---|
| 08.30 - 09.00<br>09.00 - 09.30 | Tae, caife, scónaí agus seastáin<br>Clárú<br>*Ceol ó Ghaelscoil Osraí & Coláiste Pobail Osraí* | The Venue<br><br>Fáiltiú Kilbride |
| **Seisiún 1** | **Ollseisiún** | |
| **09.30-10.45** | **Fáilte**<br>*Cathnia Ó Muircheartaigh, Uachtarán Gaeloideachas & Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach COGG*<br><br>Spléachadh ar thorthaí taighde coimisiúnaithe ag Gaeloideachas:<br>i. Leanúnachas ón mbunleibhéal chuig an iarbhunleibhéal lán-Ghaeilge<br>*Pádraig Ó Duibhir, Institiúid Oideachais DCU & Laoise Ní Thuairisg, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge*<br>ii. Dea-chleachtais i dTeagasc trí Ghaeilge in Éirinn<br>*Aoife Ní Shéaghdha, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge & T. J. Ó Ceallaigh, Coláiste Mhuire gan Smál*<br><br>Seoladh an taighde<br>*Cathnia Ó Muircheartaigh, Uachtarán Gaeloideachas & Seosamh Ó Coinne, Clárbhainisteoir Oideachais Foras na Gaeilge*<br><br>*Cathaoirleach: Seosamh Mac Donnacha, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh* | Kilbride |
| 10.45-11.15 | Tae, caife agus seastáin | The Venue |
| **Seisiún 2** | **Ceardlanna** | |
| **11.15 – 12.15** | **Bunscoileanna**<br>Mar a Déarfá! Clár litearthachta cuimsitheach, céimnithe, fónaic-bhunaithe don chainteoir dúchais Gaeilge agus do dhaltaí Gaelscoile.<br>*Nóirín Ní Ghrádaigh, Breacadh* | Kilbride |
| **11.15 – 12.15** | **Bunscoileanna**<br>Forbairt na scríbhneoireachta i measc daltaí bunscoile sa Ghaeltacht<br>*Neasa Ní Chuaig, CNCM* | Garden |
| **11.15 – 12.15** | **Iarbhunscoileanna**<br>Cur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga in iarbhunscoil lán-Ghaeilge/ Gaeltachta<br>*Maebh Uí Ainiféin, Coláiste an Phiarsaigh* | River |
| **11.15 – 12.15** | **Bunscoileanna**<br>Curaclam Teanga na Bunscoile sa Chomhthéacs lán-Ghaeilge<br>*Conall Ó Breacháin, SFGM & Máire Nic an Rí, COGG* | Anner |
| 12.15 - 13.00 | Lón<br>Seastáin, tae, caife & cístí | Kings Suite<br>The Venue |
| **Seisiún 3** | **Ollseisiún** | |
| **13.00 - 14.15** | **Oscailt Oifigiúil na Comhdhála**<br>*Cathnia Ó Muircheartaigh, Uachtarán Gaeloideachas & Ionadaí ón Roinn Oideachais & Scileanna*<br><br>*Forléargas ar Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022,* seisiún ceisteanna agus freagraí ina dhiaidh<br>*An Dr. Harold Hislop, Príomhchigire na Roinne Oideachais & Scileanna* | Kilbride |

| Seisiún 4 | Ceardlanna | |
|---|---|---|
| 14.15 – 15.15 | **Bunscoileanna**<br>Cur i bhFeidhm an Tumoideachais sa Ghaeltacht ina bhFocail féin: Léargais ó Phríomhoidí agus Mhúinteoirí<br>*Conchúr Ó Brolcháin, Coláiste Mhuire gan Smál* | Kilbride |
| 14.15 – 15.15 | **Bunscoileanna**<br>Úsáid na Teicneolaíochta sa bhunscoil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta<br>*Pól Mag Lionáin, Lisa Nic Dhoinnléibhe & Brian Ó Meachain, SFGM* | Garden |
| 14.15 – 15.15 | **Iarbhunscoileanna**<br>Na Príomhscileanna Digiteacha – Cleachtas praiticiúil don seomra ranga.<br>*Roseann Uí Fhlatharta, An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí* | River |
| **Seisiún 5** | **Cruinniú Cinn Bhliana Gaeloideachas (Gaelscoileanna Teo.)** | |
| 15.15– 15.45 | **Cruinnithe na hearnála**<br>i. Bunscoileanna Gaeltachta<br>ii. Bunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht<br>iii. Iarbhunscoileanna laistigh & lasmuigh den Ghaeltacht | <br>River<br>Kilbride<br>Clover |
| 15.45– 16.30 | **Cruinniú Cinn Bhliana**<br>Tuairiscí na heagraíochta –<br>• Tuairisc an Rúnaí<br>• Tuairisc an Chisteora<br>• Tuairisc na heagraíochta<br>Aiseolas ó chruinnithe na hearnála agus ó chruinnithe réigiúnda<br>Faomhadh Bord Stiúrtha Nua<br>Na Rúin | Kilbride |
| 16.30 – 17.00 | Tae, caife agus seastáin | The Venue |
| **Seisiún 6** | **Grúpaí Sainspéise** | |
| 17.00 – 17.45 | **Bunscoileanna**<br>Aistear: 10 nod chun an litearthacht a spreagadh leis an spraoi<br>*Sibéal Breathnach, Gaelscoil Chill Dara agus Ionad Oideachais Chill Dara* | Kilbride |
| 17.00 – 17.45 | **Iarbhunscoileanna**<br>TeachMeet: Modhanna múinteoireachta a úsáideann múinteoirí iarbhunscoile – cur chuige ó mhúinteoirí éagsúla<br>*Áisitheoir: Sinéad Ní Shúilleabháin, An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí* | River |
| 17.00 – 17.45 | **Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna**<br>Áiseanna Foclóireachta<br>*Cathal Convery, Rannóg Foclóireachta, Foras na Gaeilge* | Garden |
| 17.00 – 18.15 | **Bunscoileanna**<br>Séideán Sí: Cur i láthair faoi áiseanna www.seideansi.ie agus plé ar an gcéad tionscadal forbartha eile<br>*Siobhán Ní Dhúill, Gaelscoil an Bhradáin Feasa & Brídín Nic Uiginn, Scoil Cholmcille.*<br>CCEA: Cur i láthair faoi áiseanna nua<br>*Seán Mac Nia, CCEA* | Anner |
| 17.00 – 17.45 | **Naíonraí**<br>Forbairt Polasaithe don Naíonra<br>*Máire Uí Mhurchú, Naíonra Neasáin* | Clover |
| 17.45 – 18.30 | **Naíonraí**<br>Cur i bhfeidhm an tumoideachais tríd an spraoi, ealaín agus gníomhaíochtaí eile.<br>*Ger Cussen, Naíonra Ghearóidín* | Clover |

# Gaeilge do thuismitheoirí
Irish for parents

## Do mhúinteoirí:

**Teacher**
Múinteoir

Acmhainn nua do mhúinteoirí a bhíonn ag múineadh ranganna Gaeilge do thuismitheoirí a bhfuil a bpáistí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge

- ábhar teagaisc a bheadh oiriúnach do shainriachtanais tuismitheoirí
- ábhar físe, téipscripteanna agus rogha tascanna ranga
- treoracha don mhúinteoir
- rogha gníomhaíochtaí eile - cluichí, rólghníomhaíochtaí, crosfhocail, agus eile
- rangaithe de réir dhá leibhéal teanga

**Parent**
Tuismitheoir

## Don tuismitheoir:

- liosta acmhainní tacaíochta a chabhródh le hobair scoile, leis an saol teaghlaigh agus le foghlaim na Gaeilge

- cabhair bheo ó bheirt mhúinteoirí bunscoile le ceisteanna faoin obair bhaile ar fáil ar an suíomh, idir 4-6pm ó Luan go Déardaoin i rith an téarma scoile

Gaelscoileanna

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

| | | |
|---|---|---|
| 19.30 | Fáiltiú | Kings Junior |
| 20.15 | Dinnéar na Comhdhála<br>*Ceol ó Na Casaidigh* | Kings Suite |

## Dé Sathairn, 12 Samhain

| | | |
|---|---|---|
| **10.00 – 11.00** | **Bunscoileanna & iarbhunscoileanna**<br>Ag tacú le teagasc is le foghlaim in earnáil na Gaelscolaíochta, ina measc Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus soláthar múinteoirí: Obair na Comhairle Múinteoireachta<br>*Tomás Ó Ruairc, Stiúrthóir, An Chomhairle Mhúinteoireachta* | Anner |

CUMANN na bhFIANN

Clubanna Óige ar fud na tíre
Carnabhal na nGaelscoileanna
Turais Scoile in Ionad Óige na hÉireann



www.cnb.ie

Foras na Gaeilge

## Breacadh

Is acmhainn aosoideachais trí Ghaeilge don Ghaeltacht é Breacadh. Is i gcomhar le COGG agus Foras na Gaeilge a forbraíodh an acmhainn seo, a dhíríonn ar chódú agus ar dhíchódú fuaimeanna cruinne na Gaeilge don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht, sna trí mhórchanúint Ghaeilge (Mumhan, Connacht, Uladh). Is d'fhoghlaimeoirí fásta Gaeltachta a fhilleann ar an oideachas, agus ar mian leo feabhas a chur go mór mór ar a gcuid scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta, a forbraíodh an acmhainn, agus tá sé anois á cur in oiriúint don luathlitearthacht scoile.

## Sibéal Breathnach

Ag obair i nGaelscoil Chill Dara ó 2005, idir ranganna agus tacaíocht foghlama , agus i mbun Aistear ó 2010, le hIonad Oideachais Chill Dara. Le blianta beaga anuas (ina ham saor) bhí sí i mbun dearadh agus scríobh na gceardlann agus cúrsaí samhraidh don CNCM a chuirtear ar fáil sna hionaid oideachais ar fud na tíre. Tá suim speisialta aici i riachtanais speisialta agus mar sin bíonn sí ag lorg gach deis an litearthacht agus uimhearthacht a chur ar aghaidh i slite tairbheacha agus taitneamhacha.

## Cathal Convery

D'oibrigh Cathal mar ríomhchláraitheoir, anailísí, bainisteoir tionscadail agus clárbhainisteoir in earnáil theicneolaíocht na fáisnéise ar feadh tréimhse 20 bliain, in Éirinn, Meiriceá, sa Fhrainc agus i Sasana. Tá sé ag obair mar bhainisteoir tionscadail ar an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge (www.focloir.ie) ó 2007 ar aghaidh, agus ar thionscadail foclóireachta eile de chuid Fhoras na Gaeilge (www.teanglann.ie, www.tearma.ie).

## Ger Cussen

Is í Ger príomhstiúrthóir agus bainisteoir Naíonra Ghearóidín, Co. Chill Dara. Bhain sí céim sa Ghaeilge amach i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad, mar aon leis an Ardteastas san Oideachas. Chaith sí 15 bliana ag múineadh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath i scoil lán-bhuachaillí. Bhunaigh sí naíonra in 2003 agus tá sí ann ó shin. I mbliana, tá Ger ag forbairt lámhleabhar praiticiúil ar an tumoideachas do stiúrthóirí naíonra, obair atá coimisiúnaithe ag Gaeloideachas.

## Harold Hislop, Príomhchigire sa Roinn Oideachais agus Scileanna

Is é an Dr. Harold Hislop an Príomhchigire sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Sula ndeachaigh sé isteach sa Chigireacht, ba phríomhoide bunscoile é Harold agus, ina theannta seo, bhí sé ina léachtóir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. D'oibrigh sé mar oifigeach oideachais agus forbartha sa CNCM freisin agus ba Rúnaí é ar Bhord Oideachais Eaglais na hÉireann. Ó 2010 ar aghaidh, tá stiúradh déanta aige ar shraith de leasuithe ar an gcaoi ina ndéantar cigireacht agus meastóireacht ar scoileanna na hÉireann. Is ball é de Bhord Bainistíochta na Roinne agus is eisean atá freagrach as an gcomhairle polasaí a chuireann an Chigireacht ar Airí agus oifigigh maidir le raon saincheisteanna lena n-áirítear polasaí oideachas múinteoirí, forbairt ar cheannasaíocht scoile chomh maith le polasaí curaclaim agus measúnaithe. Is ball reatha é Harold de Bhord Stiúrtha an Ionaid um Thaighde agus Nuálaíocht san Oideachas de chuid an ECFE.

## Seán Mac Nia

Tá Seán Mac Nia ina chlárbhainisteoir áiseanna Gaeilge don Chomhairle Curaclaim, Measúnaithe agus Scrúduithe i dTuaisceart Éireann, áit a bhfuil sé ag obair ar feadh 18 mbliana anois. I measc na gcúraimí a bhí air go dáta tá: forbairt scrúduithe, clár tacaíochta do ghaelscoileanna ag forbairt curaclaim is measúnuithe, chomh maith le soláthar áiseanna is oiliúna. Is ball é de bhord COGG, áit a chuireann sé chun cinn comhpháirtíocht uile-oileánda maidir le forbairt áiseanna teagaisc. Chaith Séan deich mbliana mar mhúinteoir Gaeilge roimhe seo.

# Cainteoirí na Comhdhála

## Pól Mag Lionáin

Tá Pól mar phríomhoide ar Ghaelscoil Riabhach, Baile Locha Riach, ón bhliain 2000. Le dhá bhliain anuas tá sé ag obair ar iasacht leis an Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí. I rith na tréimhse sin tá tacaíocht curtha ar fáil aige i gceannaireacht scoile go príomha, chomh maith le roinnt oibre leis an gcuraclam teanga bunscoile agus le teicneolaíocht sa bhunscoil. Tá stádas 'Scoil Dhigiteach den Scoth' bainte amach ag Gaelscoil Riabhach agus tá sár-obair déanta ag Pól agus ag a chomhghleacaí, Brian Ó Meacháin, chun an stádas sin a bhaint amach agus an teicneolaíocht in úsáid sa scoil chun tacú le foghlaim na ndaltaí.

## Máire Nic an Rí

Múinteoir bunscoile is ea Máire Nic an Rí. Ghnóthaigh sí céim B.Ed. ó Choláiste Mhuire gan Smál, Tá céim M.A. sa Ghaeilge agus sa Bhéaloideas aici ó Ollscoil Mhaigh Nuad agus tá cáilíocht Ard Teastas Gaeilge ón Roinn Oideachais aici chomh maith. Ceapadh í ina hOifigeach Oideachais Bunscoile leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) i Meán Fómhair 2016. Tá sí ar iasacht ó Scoil Chéile Chríost, Ráth Mór, Co. Chill Dara. D'oibrigh sí mar Chomhairleoir Gaeilge leis an gClár Tacaíochta don Curaclam Bunscoile agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna ó 2007-2010. D'oibrigh sí leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) ó 2011-2016 mar Chomhairleoir ar dtús agus ansin mar Cheannaire Foirne na Gaeilge (Bunscoil agus Iar-bhunscoil). Scríobhann Máire alt míosúil mar gheall ar áiseanna teagaisc na Gaeilge san iris InTouch.

## Lisa Nic Dhoinnléibhe

Is múinteoir bunscoile í Lisa Nic Dhoinnléibhe ó Ghaelscoil Aonach Urmhumhan, Co. Thiobraid Árann. Tá sí ar iasacht leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí le dhá bhliain anuas. Ina ról mar chomhairleoir SFGM, chaith sí bliain amháin ag obair ar fhoireann na Gaeilge agus i mbliana tá sí ag tabhairt tacaíochta do mhúinteoirí i dtaobh Churaclam Teanga na Bunscoile, an curaclam comhtháite nua don Ghaeilge agus don Bhéarla. Tá an-suim aici i gcúrsaí TFC, rud a spreag í chun iniúchadh a dhéanamh ar áiseanna teicneolaíochta na Gaeilge mar chuid de thionscadal in éineacht le Pól Mag Lionáin.

## Neasa Ní Chuaig

Is as Aill na Brún, i nGaeltacht Chonamara, í Neasa Ní Chuaig. Bhain sí céim BA (Gaeilge agus Dlí) amach in OÉ Gaillimh sa bhliain 2008, agus is ann chomh maith a rinne sí MA sa Nua-Ghaeilge, agus an Dioplóma Gairmiúil san Oideachas. Chaith sí seal ag obair in Ollscoil Naomh Muire i gCeanada, agus mar mhúinteoir scoile agus ollscoile nó gur fhill sí ar an léann agus an taighde. Rinne sí taighde ar an litearthacht i gcóras bunscolaíochta na Gaeltachta dá céim dochtúireachta i gColáiste Phádraig, Droim Conrach; taighde a bhí maoinithe ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Is Oifigeach Oideachais anois í leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

## Siobhán Ní Dhúill & Brídín Nic Uiginn

Tá Brídín agus Siobhán gafa le gaeloideachas le tríocha bliain anuas. Chaith siad tréimhse cúig bliana ag dearadh áiseanna teagaisc le Séideán Sí. Is príomhoidí anois iad - Brídín i Scoil Cholmcille, scoil Ghaeltachta i gCo. Dhún na nGall agus tá Siobhán i nGaelscoil an Bhradáin Feasa, Co. na Mí. Le cúpla bliain anuas d'oibrigh siad ar chluichí idirghníomhacha a dhearadh a thacaíonn le Séideán Sí faoi stiúir An Gúm.

## Aoife Ní Shéaghdha

Is iarléachtóir agus taighdeoir í Aoife Ní Shéaghdha leis an rannóg Pleanála Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉG. Bhí sí ar dhuine d'údair an mhórthaighde Gaeltachta, an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, a foilsíodh don rialtas in 2007 agus ba thaighdeoir í ar thograí taighde eile i réimsí an Oideachais Ghaeltachta - Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004 (COGG, 2005) agus Dea-Chleachtais i dtaca le Saibhriú agus Sóisialú Teanga do Chainteoirí Dúchais i Scoileanna Gaeltachta (COGG, 2010). Maireann sí i nGaeltacht Chorca Dhuibhne áit a bhfuil sí ag tógaint a triúr clainne le Gaelainn.

## Sinéad Ní Shúilleabháin

Is múinteoir Gaeilge agus Béarla í Sinéad a bhí ag feidhmú mar Phríomhoide Cúnta i nGaelcholáiste Luimnigh go dtí i mbliana, nuair a ceapadh í mar chomhairleoir leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí. Tá Sinéad mar bhall de Bhord Stiúrtha Gaeloideachas le dhá bliain anuas. Tá suim mhór aici sa teicneolaíocht agus i gcur chuige agus modhanna nua teagaisc.

## Laoise Ní Thuairisg

Is Feidhmeannach Pleanála Teanga í Laoise Ní Thuairisg le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bíonn léachtóireacht ar bun aici ar chúrsaí sa phleanáil teanga agus ar nithe éagsúla bainteach leis an oideachas lán-Ghaeilge. Tá tionscadail taighde curtha i gcrích aici i gcomhpháirt le comhghleacaithe éagsúla, ina measc Anailís ar mhúnlaí soláthair Gaelscolaíochta, maoinithe ag an gCoiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas agus Research on Educational Outcomes of Pre-school Irish-medium Education maoinithe ag Roinn an Oideachais i dtuaisceart na hÉireann. Bhí sí mar chomhúdar ar an gcáipéis 'Soláthar oideachais trí mhionteangacha: athbhreithniú ar thaighde idirnáisiúnta' a cuireadh i dtoll a chéile ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna.

## Conall Ó Breacáin

Is múinteoir bunscoile é Conall atá ar iasacht ó Scoil Naomh Fhionntáin, i gCill Fhionntáin. Thosaigh sé ag obair leis an an gClár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile in 2006 mar chuiditheoir Gaeilge. Tar éis bunú na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna d'oibrigh Conall mar comhairleoir don mheasúnú agus mar chomhairleoir le cúram scoileanna DEIS. Nuair a tháinig an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí le chéile in 2010, lean Conall air mar chomhairleoir DEIS, roimh bogadh ar aghaidh go dtí an fhoireann litearthachta agus uimhearthachta sa bhliain 2011. Ceapadh Conall ina cheannaire foirne ar an bhfoireann litearthachta i mí Aibreáin, 2015 agus i Meán Fómhair, 2015 ghlac sé le ról nua mar cheannaire foirne ar an bhfoireann teangacha a chuireann tacaíocht ar fáil do Churaclam Teanga na Bunscoile.

## Conchúr Ó Brolcháin

Ba mhúinteoir Gaelscoile é an Dr Conchúr Ó Brolcháin ach é anois ina léachtóir le Gaeilge sa Roinn Teanga, Litearthachta agus Matoideachais, i gColáiste Mhuire gan Smál (Ollscoil Luimnigh). Tá suim aige i múnlaí éagsúla an oideachais dhátheangaigh ach go háirithe i gcomhthéacs na mionteanga. Rinne sé PhD san Oideachas, atá ar fáil ar shuíomh idirlín COGG, inar bhreathnaigh sé ar chur i bhfeidhm múnlaí éagsúla oideachais i mbunscoileanna Gaeltachta agus bhí baint aige leis an tuarascáil taighde 'Soláthar Oideachais sa Mhionteanga: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta'.

## T. J. Ó Ceallaigh

Tá an Dr. T.J. Ó Ceallaigh mar léachtóir sa Roinn Teanga, Litearthachta, agus Matoideachais in nDámh an Oideachais, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh, Luimneach. I measc na spéiseanna taighde atá aige, tá spéis faoi leith aige in oideolaíocht a bhaineann le teagasc comhtháite ábhar agus teangacha agus in oideachas tosaigh agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i gcomhthéacs an tumoideachais, ach go háirithe. Tá sé mar chomhordaitheoir ar chlár iarchéime cumaisc foghlama, An M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge, i gColáiste Mhuire gan Smál.

teg

teastaseorpach na gaeilge

Ar mhaith leat tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an nGaeilge agus cáilíocht bhreise a bhaint amach?

Ar mhaith leat barr feabhais a chur ar do chuid scileanna teanga mar chuid den fhorbairt ghairmiúil?

- Cáilíochtaí proifisiúnta sa Ghaeilge do mhúinteoirí ag cúig leibhéal
- Páirtchreidiúint (scrúdú cainte amháin) ar fáil ag gach leib-héal
- Ionaid scrúdaithe ar fud na tíre



Tuilleadh eolais ar:

www.teg.ie

01 7083737 / 01 7086417

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

Ollscoil Mhá Nuad

ALTE

Urraithe ag Foras na Gaeilge

# Cainteoirí na Comhdhála

## Pádraig Ó Duibhir

Tá Pádraig Ó Duibhir ag feidhmiú mar Dhéan Feidhmiúcháin ar Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i láthair na huaire. Roimhe sin bhí sé ina Chláraitheoir agus léachtóir sinsearach i gColáiste Phádraig. Chaith sé blianta roimhe sin ina phríomhoide ar bhunscoil lán-Ghaeilge. Chuir sé dhá thionscadal taighde i gcrích le comhghleacaithe éagsúla le déanaí; An Leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ar iarratas ó Ghaelscoileanna; agus athbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta a bheadh ábhartha don oideachas Gaeltachta ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, Soláthar oideachais trí mhionteangacha: Athbhreithniú ar thaighde idirnáisiúnta. Tá sé ag obair ar dhá thionscadal taighde faoi láthair maidir le gnóthachtáil daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil stádas DEIS acu, agus iniúchadh ar thacaíocht foghlama do pháistí le deacrachtaí/ míchumais foghlama i suímh tumoideachais in Éirinn.

## Tomás Ó Ruairc

Ceapadh Tomás Ó Ruairc mar Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta i mí na Bealtaine 2012. Roimhe sin bhí post sinsearach ag Tomás sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Agus roimh an bpost sin bhí sé ina Leas-Phríomhfheidhmeannach agus ina Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais in Foras na Gaeilge. Tá an-chuid taithí aige i réimse an oideachais, agus é mar bhall den CNCM (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta) ó 2006 go dtí 2009; bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Teangacha (Bunscoil) in 2009; agus bhí sé mar Cheann na Gaeilge agus mar Chathaoirleach na Comhairle Acadúla i gColáiste Oideachais Froebel ó 2000 go dtí 2005. Bhí sé ina mhúinteoir i gColáiste Pobail Bhaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Chuir sé siollabas agus ábhair mhúinteoireachta ar fáil i réimse theagasc na Gaeilge do dhaoine fásta do COBÁC (Dioplóma sa Ghaeilge) agus Gael Linn. Chuir sé líon páipéar i láthair maidir le hábhair a bhaineann le gairmiúlacht mhúinteoirí, agus is féidir teacht orthu tríd an nasc seo ar www.teachingcouncil.ie.

## Maebh Uí Ainiféin

Is múinteoir meánscoile í Maebh i gColáiste an Phiarsaigh ó 1999. D'fhreastail sí ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh, áit ar bhain sí amach céim BA sa Ghaoluinn agus sa Spáinnis, agus an tArdteastas san Oideachas ina dhiaidh sin. Is i gColáiste Mhuire gan Smál Luimneach a thug sí faoin gcúrsa máistreachta san Oideachas Lán-Ghaeilge. An t-ábhar taighde a bhí ag Maebh ná, An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga: Meon agus Mianach.

## Roseann Uí Fhlatharta

Rugadh agus tógadh í i gConamara áit a raibh an t-ádh léi an Ghaeilge a bheith aici mar theanga dhúchais. D'fhreastail sí ar Choláiste San Aingeal i Sligeach áit ar bhain sí amach céim sa Tíos agus sa Ghaeilge agus ansin rinne sí máistreacht i dTeagasc Teangacha. Is múinteoir í i gColáiste Éinde i gcathair na Gaillimhe ach i mbliana tá sí ar iasacht ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, mar chomhairleoir Gaeilge. Is duine de bhunaitheoirí an bhlag Gaeilge le Glam í. Tá suim ollmhór aici sa teicneolaíocht agus sna meáin dhigiteacha.

## Máire Uí Mhurchú

Tá Máire Uí Mhurchú mar phríomhstiúrthóir ar an dá sheisiún i Naíonra Neasáin, Baile Átha Cliath, ó 2000 i leith, áit a raibh sí mar stiúrthóir cúnta ar feadh deich mbliana roimhe sin. Chaith sí tréimhse ar bhord Forbairt Naíonraí Teoranta agus ar choiste stiúrtha Na Naíonraí Gaelacha, balleagraíocht na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht. Tá sí ag cur comhairle ar fáil d'fhoireann forbartha Gaeloideachas ónar ghlac an eagraíocht lena ról nua i dtaobh seirbhísí a sholáthar d'earnáil na luathbhlianta lán-Ghaeilge. Is múinteoir rince í chomh maith, do pháistí agus do dhaoine fásta.

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Halla Naomh Pádraig,
Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9
01 853 5195
01 853 5119
oifig@gaelscoileanna.ie
www.gaelscoileanna.ie

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta
35 Cearnóg Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2
01 634 0831
eolas@cogg.ie
www.cogg.ie

Urraithe ag
Foras na Gaeilge